Carraigeacha agus ithreacha Comhad fíricí

# Carraigeacha agus ithreacha

## Céard is geolaí ann?

Déanann geolaithe staidéar ar an Domhan agus ar an gcaoi ar cruthaíodh é. D'fhéadfaidís breathnú ar an dromchla nó go domhain faoin talamh. Oibríonn geolaithe in go leor tionscail dhifriúla, ar nós:

- mianadóireacht agus cairéalú
- innealtóireacht
- ola agus peitriliam
- cosaint an chomhshaoil
- bolcáneolaíocht (staidéar a dhéanamh ar bholcáin)
- seismeolaíocht (staidéar a dhéanamh ar chreathanna talún)
- British Lithium (comhlacht mianadóireachta).

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Fiosracht faoin domhan mórthimpeall orthu mar go n-úsáidfidh geolaithe léarscáileanna chun taisteal ar fud an domhain, ag caitheamh ama amuigh faoin spéir.
- Breathnú agus taifeadadh a dhéanamh go cúramach ar a dtorthaí chun sonraí cruinne a thabhairt faoina bhfuil sa talamh.



*Seo í Lucy Crane. Is geolaí í a oibríonn le comhlacht atá ag beartú mianadóireacht a dhéanamh ar litiam lena úsáid i gcadhnraí carranna leictreacha.*

## Céard is eolaí ithreach ann?

Déanann eolaithe ithreach staidéar ar an ithir faoinár gcosa. Bíonn sé sin tábhachtach in go leor tionscal, ar nós:

- feirmeoireacht
- cosaint an chomhshaoil
- tógáil agus tírdhreachú.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Spéis sa domhan nádúrtha agus taitneamh a bhaint as a bheith taobh amuigh ag foghlaim faoi ithreacha agus an chaoi a gcabhraíonn siad leis an mórthimpeallacht.
- Suirbhéanna talún agus ithreach a dhéanamh, le tástálacha ina ndiaidh, chun foghlaim faoi chineálacha ithreacha agus a n-úsáidí.



*Seo í Aga. Is eolaí ithreach í a oibríonn in Éirinn faoi láthair. Rinne Aga taighde ar go leor gnéithe den eolaíocht ithreach; bhain an taighde is deireanaí a rinne sí le sláinte ithreach. Is maith le Aga a paisean a roinnt le daoine eile, ó dhaltaí bunscoile go feirmeoirí.*

## Céard is pailé-ointeolaí ann?

Déanann pailé-ointeolaí staidéar ar iontaisí (iontaisí dineasár ina measc!) chun foghlaim faoi stair na beatha ar Domhan. Oibríonn pailé-ointeolaithe in áiteanna difriúla, ina measc:

- iarsmalanna
- ollscoileanna
- taobh amuigh ag tochailt iontaisí.

**An Phríomhfhoghlaim** agus **Scileanna Eolaíochta** a theastaíonn:

- Foighne agus athléimneacht nuair atá úsáid chúramach á baint as uirlisí chun iontaisí a aimsiú agus a nochtadh.
- Breathnú go dlúth trí úsáid a bhaint as sainaithint agus rangú (sórtáil agus grúpáil) chun iontaisí nua a aimsiú agus eolas ar cén dineasár lenar bhain siad.



*Seo é Xu Xing. Is pailé-ointeolaí é a oibríonn sa tSín. D'ainmnigh sé níos mó dineasár ná aon phailé-ointeolaí beo eile.*

*Ar mhaith leat do chuid foghlama faoi charraigeacha agus ithreacha a úsáid nuair a bheidh tú níos sine? B'fhéidir gur mhaith leat a bheith i do gheolaí nó i do phailé-ointeolaí? An bhfuil poist eile ann ina n-úsáidtear foghlaim faoi charraigeacha agus ithreacha?*

ROYAL SOCIETY OF CHEMISTRY